Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2023
(OR. en)

15001/23

LIMITE

CORLX 1001
CFSP/PESC 1481
CONOP 107
CONUN 277
COARM 287

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/2072 ón gComhairle chun tacú le hathléimneacht a chothú sa bhithshábháilteacht agus sa bhithshlándáil tríd an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine |

**CINNEADH (CBES) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/2072 ón gComhairle
chun tacú le hathléimneacht a chothú sa bhithshábháilteacht agus sa bhithshlándáil
tríd an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/2072[1], lenar foráladh do thréimhse 24 mhí cur chun feidhme tionscadail dar tús dáta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin.

(2) Bhí deireadh le teacht leis an tréimhse cur chun feidhme sin an 19 Nollaig 2023.

(3) An 23 Lúnasa 2023, d'iarr Oifig na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Dí-armála (UNODA), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na dtionscadal dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/2072, síneadh 12 mhí a chur leis an tréimhse cur chun feidhme.

(4) Maidir le síneadh a chur le tréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2021/2072 go dtí an 19 Nollaig 2024, níl aon impleacht aige a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/2072 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (CBES) 2021/2072 ón gComhairle an 25 Samhain 2021 chun tacú le hathléimneacht a chothú sa bhithshábháilteacht agus sa bhithshlándáil tríd an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha agus Thocsaine (IO L 421, 26.11.2021, lch. 56).



PUBLIC

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2021/2072 ón gComhairle:

‘2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 19 Nollaig 2024.’.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC